Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 8 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**17021/23**

**MI 1156**
**ENT 282**
**ENV 1535**
**COMPET 1306**
**DELACT 216**
**IND 712**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 15968/23 + ADD 1 - C(2023) 7206 |
| Ábhar: | Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Treoir 2000/14/CE a mhéid a bhaineann leis na modhanna chun torann aeriompartha a astaítear ó threalamh atá le húsáid lasmuigh a thomhas<br>– Rún gan agóid a dhéanamh i gcoinne gníomh tarmligthe |

1. An 17 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an dréachtghníomh tarmligthe thuasluaite faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir le hAirteagal 18 (a) de Threoir 2000/14 (CE))[1].

[1] Treoir 2000/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Bealtaine 2000 maidir le dlíthe na mBallstát a chomhfhogasú i ndáil le hastaíocht torainn sa chomhshaol ó threalamh lena úsáid lasmuigh (IO L 162, 3.7.2000, lgh. 1–78). Is é leagan an 26 Iúil 2019 an leagan comhdhlúite reatha.

2. Comhlánaíonn Treoir 2000/14 ceanglais na Treorach maidir le hInnealra[2] a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí torainn aeriompartha. Is reachtaíocht 'Seanchur Chuige' í Treoir 2000/14. Leagtar síos ceanglais riachtanacha ghinearálta sa reachtaíocht 'Cur Chuige Nua' ach fágtar úsáid sonraíochtaí teicniúla faoi rogha an mhonaróra. Tá tuairisc in Iarscríbhinn III ar na modhanna tomhais torainn is gá don tionscal a chomhlíonadh chun trealamh lasmuigh a dhearadh agus a mheasúnú. Tá na modhanna sin as dáta faoi láthair. Tá an togra seo le haghaidh rialachán tarmligthe bunaithe ar na conclúidí ó mheastóireacht REFIT a rinneadh ar an Treoir ón 16 Samhain 2022, agus chuirfeadh sé ar a chumas é a ailíniú leis an dul chun cinn teicniúil. Dhéanfaidh sé obair na monaróirí agus na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra a shimpliú freisin. Ina theannta sin, shocrófaí leis na tomhais nua torainn bunús níos láidre chun na teorainneacha torainn a thabhairt cothrom le dáta trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir amach anseo.

3. Bhí go dtí an 22 Nollaig 2023 ag an gComhairle chun agóid a dhéanamh ina choinne nó chun síneadh a iarraidh. Níor iarr aon toscaireacht an méid sin laistigh den spriocdháta. Thug Ballstát amháin barúil theicniúil uaidh.

4. I bhfianaise an mhéid sin, d'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle a dhearbhú nach bhfuiltear ag cur i gcoinne an ghnímh tharmligthe, mar a leagtar amach in 15968/23 + ADD 1 é, mar mhír gan phlé ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, agus go gcuirfear é sin in iúl don Choimisiún agus do Pharlaimint na hEorpa. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar agus go nglacfar an gníomh tarmligthe tar éis an 18 Eanáir 2024, i gcomhréir le hAirteagal 18b de Threoir 2000/14 (CE).

---

[2] Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hInnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (athmhúnlú) (IO L 157, 9.6.2006, lgh. 24–86). Is é leagan an 26 Iúil 2019 an leagan comhdhlúite reatha.